# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 128

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

21 Márta 2022


Clár


IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

2022/C 128/01 Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* . . . 1

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

**Cúirt Bhreithiúnais**

2022/C 128/02 Cás C-461/20: Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 3 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Högsta förvaltningsdomstolen – an tSualainn) – Advania Sverige AB, Kammarkollegiet v Dustin Sverige AB . . . 2

2022/C 128/03 Cás C-515/20: Breithiúnas na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 3 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzhof – an Ghearmáin) – B AG v Finanzamt A . . . 2

2022/C 128/04 Cás C-20/21: Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 3 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Landgericht Frankfurt am Main – an Ghearmáin) – JW, HD, XS v LOT Polish Airlines . . . 2

2022/C 128/05 Cás C-717/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy w Siemianowicach Śląskich (an Pholainn) a taisceadh an 26 Samhain 2021 – Provident Polska S.A. v VF . . . 2

2022/C 128/06 Cás C-718/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (an Pholainn) a taisceadh an 26 Samhain 2021 – L.G. v Krajowa Rada Sądownictwa . . . 3

2022/C 128/07 Cás C-720/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (an Pholainn) a taisceadh an 26 Samhain 2021 – Rzecznik Praw Obywatelskich . . . 3

2022/C 128/08 Cás C-729/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Naczelny Sąd Administracyjny (an Pholainn) a taisceadh an 1 Nollaig 2021 – W. Sp. z o. o. v Dyrektor Izby Administracji Skarbowej w Łodzi . . . 3


GA

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 128/09 | Cás C-771/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Győri Járásbíróság (an Ungáir) a taisceadh an 14 Nollaig 2021 – JH v Air Hungary Légiközlekedési Zrt. (Wizz Air Hungary Zrt.) | 3 |
| 2022/C 128/10 | Cás C-782/21 P: Achomharc arna thabhairt an 15 Nollaig 2021 ag Aeris Invest Sàrl i gcoinne bhreithiúnais na Cúirte Ginearálta (an Tríú Dlísheomra Méadaithe) a fógraíodh an 6 Deireadh Fómhair 2021 i gCás T-827/17 Aeris Invest v BCE | 3 |
| 2022/C 128/11 | Cás C-807/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Kammergericht (an Ghearmáin) a taisceadh an 21 Nollaig 2021 – Deutsche Wohnen SE v Staatsanwaltschaft Berlin | 4 |
| 2022/C 128/12 | Cás C-823/21: Caingean arna tabhairt an 22 Nollaig 2021 – an Coimisiún Eorpach v an Ungáir | 4 |
| 2022/C 128/13 | Cás C-830/21: Iarraidh ar réamhrialú ón Hanseatisches Oberlandesgericht Hamburg (an Ghearmáin) a taisceadh an 23 Nollaig 2021 – Syngenta Agro GmbH v Agro Trade Handelsgesellschaft mbH | 4 |
| 2022/C 128/14 | Cás C-5/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato (an Iodáil), an 3 Eanáir 2022 – Green Network SpA v SF, YB, Autorità di Regolazione per Energia Reti e Ambiente (ARERA) | 4 |
| 2022/C 128/15 | Cás C-27/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato (an Iodáil), an 11 Eanáir 2022 – Volkswagen Group Italia S.p.A., Volkswagen Aktiengesellschaft v Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato | 5 |
| 2022/C 128/16 | Cás C-54/22 P: Achomharc arna thabhairt an 27 Eanáir 2022 ag an Rómáin i gcoinne Bhreithiúnais na Cúirte Ginearálta (an Deichiú Dlísheomra) a fógraíodh an 10 Samhain 2021 i gCás T-495/19 an Rómáin v an Coimisiún | 5 |


**Chúirt Ghinearálta**


| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 128/17 | Cás T-286/09 RENV: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – Intel Corporation v an Coimisiún | 7 |
| 2022/C 128/18 | Cás T-868/16: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – QI e.a. v an Coimisiún agus BCE | 7 |
| 2022/C 128/19 | Cás T-799/17: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Scania agus Eile v an Coimisiún | 7 |
| 2022/C 128/20 | Cás T-616/18: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Polskie Górnictwo Naftowe i Gazownictwo v an Coimisiún (Gealltanais Gazprom) | 7 |
| 2022/C 128/21 | Cás T-740/18: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – Taminco agus Arysta LifeScience Great Britain v an Coimisiún | 7 |
| 2022/C 128/22 | Cás T-27/19: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Pilatus Bank agus Pilatus Holding v an Coimisiún | 8 |
| 2022/C 128/23 | Cás T-317/19: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – AMVAC Netherlands v an Coimisiún | 8 |
| 2022/C 128/24 | Cás T-399/19: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Polskie Górnictwo Naftowe i Gazownictwo v an Coimisiún (Gearán a dhiúltú) | 8 |
| 2022/C 128/25 | Cás T-652/19: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – Elevolution – Engenharia v an Coimisiún | 8 |
| 2022/C 128/26 | Cás T-849/19: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – Leonardo v Frontex | 8 |
| 2022/C 128/27 | Cás T-33/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – Van Walle v ECDC | 8 |
| 2022/C 128/28 | Cás T-498/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – Diego v EUIPO – Forbo Financial Services (WOOD STEP LAMINATE FLOORING) | 9 |
| 2022/C 128/29 | Cás T-536/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – LU v BEI | 9 |

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 128/30 | Cás T-589/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – Calzaturificio Emmegiemme Shoes v EUIPO – Inticom (MAIMAI MADE IN ITALY) | 9 |
| 2022/C 128/31 | Cás T-694/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Canisius v EUIPO – Beiersdorf (CCLABELLE VIENNA) | 9 |
| 2022/C 128/32 | Cás T-116/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Maternus v EUIPO – adp Gauselmann (WILD) | 9 |
| 2022/C 128/33 | Cás T-173/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Novelis Deutschland v EUIPO – CU.CO. (Panna gríoscáin) | 9 |
| 2022/C 128/34 | Cás T-202/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Vita Zahnfabrik v EUIPO – VIPI Produtos Odontológicos (VITABLOCS TriLuxe forte) | 10 |
| 2022/C 128/35 | Cás T-233/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – Meta Cluster v EUIPO (Clustermedizin) | 10 |
| 2022/C 128/36 | Cás T-765/14: Ordú na Cúirte Ginearálta an 17 Nollaig 2021 – Legakis agus Daoine Eile v An Chomhairle | 10 |
| 2022/C 128/37 | Cás T-418/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Eanáir 2022 – Alauzun e.a. v an Coimisiún | 10 |
| 2022/C 128/38 | Cás T-40/22: Caingean arna tabhairt an 22 Eanáir 2022 – Dado Ceramica agus Eile v EUIPO – Italcer (Tíleanna) | 10 |
| 2022/C 128/39 | Cás T-47/22: Caingean arna tabhairt an 26 Eanáir 2022 – DDR Kultur v EUIPO – Groupe Canal+ (THE PLANET) | 11 |
| 2022/C 128/40 | Cás T-48/22: Caingean arna tabhairt an 27 Eanáir 2022 – Poblacht na Seice v an Coimisiún | 12 |
| 2022/C 128/41 | Cás T-50/22: Caingean arna tabhairt an 21 Eanáir 2022 – AL v An Chomhairle agus an Coimisiún | 13 |
| 2022/C 128/42 | Cás T-52/22: Caingean arna tabhairt an 28 Eanáir 2022 – Chambre de commerce et d'industrie territoriale de la Marne en Champagne v EUIPO – Ambrosetti Group (TEHA) | 14 |
| 2022/C 128/43 | Cás T-60/22: Caingean arna tabhairt an 28 Eanáir 2022 – Chambre de commerce et d'industrie territoriale de la Marne en Champagne v EUIPO – Ambrosetti Group (TEHA) | 14 |
| 2022/C 128/44 | Cás T-65/22: Caingean arna tabhairt an 2 Feabhra 2022 – PS v BEI | 15 |
| 2022/C 128/45 | Cás T-68/22: Caingean arna tabhairt an 2 Feabhra 2022 – Granini France v EUIPO – Pichler (Joro) | 16 |

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

## Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

(2022/C 128/01)

**Foilseachán deiridh**

IO C 119, 14.3.2022

**Foilseacháin stairiúla**

IO C 109,7.3.2022

IO C 95, 28.2.2022

IO C 84, 21.2.2022

IO C 73, 14.2.2022

IO C 64, 7.2.2022

IO C 51, 31.1.2022

Is féidir teacht ar na téacsanna sin anseo:

EUR-Lex: http://eur-lex.europa.eu

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 3 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Högsta förvaltningsdomstolen – an tSualainn) – Advania Sverige AB, Kammarkollegiet v Dustin Sverige AB**

**(Cás C-461/20)**

(2022/C 128/02)

*Teanga an cháis: an tSualainnis*

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 3 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzhof – an Ghearmáin) – B AG v Finanzamt A**

**(Cás C-515/20)**

(2022/C 128/03)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 3 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Landgericht Frankfurt am Main – an Ghearmáin) – JW, HD, XS v LOT Polish Airlines**

**(Cás C-20/21)**

(2022/C 128/04)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy w Siemianowicach Śląskich (an Pholainn) a taisceadh an 26 Samhain 2021 – Provident Polska S.A. v VF**

**(Cás C-717/21)**

(2022/C 128/05)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (an Pholainn) a taisceadh an 26 Samhain 2021 – L.G. v Krajowa Rada Sądownictwa**

**(Cás C-718/21)**

(2022/C 128/06)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (an Pholainn) a taisceadh an 26 Samhain 2021 – Rzecznik Praw Obywatelskich**

**(Cás C-720/21)**

(2022/C 128/07)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Naczelny Sąd Administracyjny (an Pholainn) a taisceadh an 1 Nollaig 2021 – W. Sp. z o. o. v Dyrektor Izby Administracji Skarbowej w Łodzi**

**(Cás C-729/21)**

(2022/C 128/08)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Győri Járásbíróság (an Ungáir) a taisceadh an 14 Nollaig 2021 – JH v Air Hungary Légiközlekedési Zrt. (Wizz Air Hungary Zrt.)**

**(Cás C-771/21)**

(2022/C 128/09)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Achomharc arna thabhairt an 15 Nollaig 2021 ag Aeris Invest Sàrl i gcoinne bhreithiúnais na Cúirte Ginearálta (an Tríú Dlísheomra Méadaithe) a fógraíodh an 6 Deireadh Fómhair 2021 i gCás T-827/17 Aeris Invest v BCE**

**(Cás C-782/21 P)**

(2022/C 128/10)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Kammergericht (an Ghearmáin) a taisceadh an 21 Nollaig 2021 – Deutsche Wohnen SE v Staatsanwaltschaft Berlin**

**(Cás C-807/21)**

(2022/C 128/11)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Nollaig 2021 – an Coimisiún Eorpach v an Ungáir**

**(Cás C-823/21)**

(2022/C 128/12)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Hanseatisches Oberlandesgericht Hamburg (an Ghearmáin) a taisceadh an 23 Nollaig 2021 – Syngenta Agro GmbH v Agro Trade Handelsgesellschaft mbH**

**(Cás C-830/21)**

(2022/C 128/13)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato (an Iodáil), an 3 Eanáir 2022 – Green Network SpA v SF, YB, Autorità di Regolazione per Energia Reti e Ambiente (ARERA)**

**(Cás C-5/22)**

(2022/C 128/14)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Consiglio di Stato

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Green Network SpA

*Cosantóirí:* SF, YB, Autorità di Regolazione per Energia Reti e Ambiente (ARERA)

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) An bhfuil forálacha dhlí an Aontais atá i dTreoir 2009/72/EC ón bParlaimint agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 ([1]) – go háirithe in Airteagal 37(1) agus (4) lena rialaítear cumhachtaí na n-údarás rialála agus in Iarscríbhinn I – le léirmhíniú amhail is go n-áirítear iontu cumhacht shaintreorach a fheidhmíonn údarás rialála mhargadh leictreachais na hIodáile (Autorità di Regolazione per Energia Reti e Ambiente) (ARERA) i leith cuideachtaí atá gníomhach in earnáil an leictreachais, faoina bhféadfaidh an t-údarás a ordú ar chuideachta den sórt sin suimeanna airgid a aisíoc do chustaiméirí, lena n-áirítear iar-chustaiméirí agus custaiméirí atá chun deiridh, a d'íoc na custaiméirí sin ar chostais bainistíochta riaracháin, de bhun clásal conarthach ar eisigh an t-údarás pionós ina leith?

2) An bhfuil forálacha dhlí an Aontais atá i dTreoir 2009/72/EC ón bParlaimint agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 – go háirithe in Airteagal 37(1) agus (4) lena rialaítear cumhachtaí na n-údarás rialála agus in Iarscríbhinn I – le léirmhíniú amhail is go n-áirítear iontu, faoi raon feidhme aon chúiteamh agus na socruithe aisíocaíochta is infheidhme do chustaiméirí sa mhargadh leictreachais mura gcomhlíonfaidh an t-oibreoir margaidh na leibhéil cháilíochta seirbhíse chonarthacha, aisíocaíocht airgid a d'íoc na custaiméirí sin a rialaítear go sainráite le clásal conarthach i gcomhaontú arna shíniú agus arna ghlacadh agus nach bhfuil gaol acu le cáilíocht na seirbhíse féin ach a shonraítear mar airgead lena gcumhdaítear costais bainistíochta riaracháin an oibreora eacnamaíoch féin?

[1] Treoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/54/AE (IO L 211, lch. 55).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato (an Iodáil), an 11 Eanáir 2022 – Volkswagen Group Italia S.p.A., Volkswagen Aktiengesellschaft v Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato**

**(Cás C-27/22)**

(2022/C 128/15)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Consiglio di Stato

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Volkswagen Group Italia S.p.A., Volkswagen Aktiengesellschaft

*Cosantóir:* Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

a) An féidir na pionóis a fhorchuirtear i ndáil le cleachtais tráchtála éagóracha, de bhun na reachtaíochta náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2005/29/CE [1] chun feidhme, a aicmiú mar phionóis riaracháin de chineál coiriúil?

b) An gá Airteagal 50 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a léirmhíniú mar chosc ar fhoráil náisiúnta lena gceadaítear pionóis riaracháin de chineál coiriúil a dheimhniú agus a thabhairt chun críche in imeachtaí cúirte in aghaidh duine dlítheanach as iompar neamhdhleathach i bhfoirm cleachtais tráchtála éagóracha, ar tugadh ciontú coiriúil críochnaitheach ina leith don duine sin idir an dá linn i mBallstát eile, ina raibh an ciontú coiriúil deiridh sin críochnaitheach sula raibh éifeacht *res judicata* leis an agóid dhlíthiúil in aghaidh an chéad phionóis riaracháin choiriúil?

c) An féidir, leis na forálacha a leagtar síos i dTreoir 2005/29, ag tagairt go háirithe d'Airteagail 3(4) agus 13(2)(e), údar a thabhairt d'aon mhaolú ó phrionsabal *ne bis in idem* arna bhunú le hAirteagal 50 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (arna ionchorprú ina dhiaidh sin sa Chonradh ar an Aontas Eorpach le hAirteagal 6 CAE) agus le hAirteagal 54 de Choinbhinsiún Schengen?

[1] Treoir 2009/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Treoir maidir le Cleachtais Trádála Éagóracha) (IO L 149, lch. 22).

**Achomharc arna thabhairt an 27 Eanáir 2022 ag an Rómáin i gcoinne Bhreithiúnais na Cúirte Ginearálta (an Deichiú Dlísheomra) a fógraíodh an 10 Samhain 2021 i gCás T-495/19 an Rómáin v an Coimisiún**

**(Cás C-54/22 P)**

(2022/C 128/16)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* An Rómáin (ionadaí: E. Gane, L. Lițu agus L.-E. Bațagoi, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach, an Ungáir

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— an t-achomharc a cheadú, breithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás T-495/19 a chur ar ceal, a mhéid a bhaineann sé leis an anailís maidir leis an tsaincheist bunaithe ar an sárú ar Airteagal 4(2)(b) de Rialachán Uimh. 211/2011, breithniú a dhéanamh i gCás T-495/19, seasamh leis an iarratas ar neamhniú i leith Chinneadh (AE) 2019/721 ón gCoimisiún;

— nó mar mhalairt air sin, an t-achomharc a cheadú, breithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás T-495/19 a chur ar ceal, a mhéid a bhaineann sé leis an anailís maidir leis an tsaincheist bunaithe ar an sárú ar Airteagal 4(2)(b) de Rialachán Uimh. 211/2011, Cás T-495/19 a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta ionas go bhféadfaidh an chúirt sin breith a thabhairt arís, seasamh leis an iarratas ar neamhniú agus Cinneadh (AE) 2019/721 ón gCoimisiún a neamhniú;

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí**

Chun tacú leis an achomharc, braitheann an Rómáin ar fhoras amháin, ag líomhain gur sáraíodh Airteagal 4(2)(b) de Rialachán Uimh. 211/2011, i gcomhar le hAirteagal 5(2) CAE.

Maíonn an Rómáin go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí, agus go sáraítear, dá bhrí sin, na forálacha i dtrácht.

(i) Ar an gcéad dul síos, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid ina léirmhíniú maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfadh an Coimisiún diúltú do thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a chlárú – go háirithe nuair a chinn sí nach bhféadfadh diúltú den sórt sin a tharlú ach amháin i gcás ina bhféadfadh an Coimisiún togra a thíolacadh do ghníomh reachtach de chuid an Aontais Eorpaigh chun na Conarthaí a chur chun feidhme a *eisiamh go hiomlán*.

Mar sin féin, áitítear go bhfuil tionscnamh den sórt sin go follasach lasmuigh de chreat chumhachtaí an Choimisiúin chun togra le haghaidh gníomh reachtach a thíolacadh más rud é, tar éis measúnú dlíthiúil *in abstracto* ar na bearta atá beartaithe, go bhfuil amhras tromchúiseach ann go bhféadfaí bearta den sórt sin a ghlacadh ar bhonn na gConarthaí.

(ii) Ar an dara dul síos, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid ina léirmhíniú maidir leis an bhféidearthacht atá ag an gCoimisiún tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh beartaithe a chlárú le hagúis nó go coinníollach.

I gcás den sórt sin, áfach, ceanglaítear ar an gCoimisiún tagairt a dhéanamh don fhaisnéis shainordaitheach agus roghnach go léir arna soláthar ag na heagraithe agus ní féidir leis neamhaird a dhéanamh di, fiú go páirteach.

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – Intel Corporation v an Coimisiún**

**(Cás T-286/09 RENV)**

(2022/C 128/17)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – QI e.a. v an Coimisiún agus BCE**

**(Cás T-868/16)**

(2022/C 128/18)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Scania agus Eile v an Coimisiún**

**(Cás T-799/17)**

(2022/C 128/19)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Polskie Górnictwo Naftowe i Gazownictwo v an Coimisiún (Gealltanais Gazprom)**

**(Cás T-616/18)**

(2022/C 128/20)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – Taminco agus Arysta LifeScience Great Britain v an Coimisiún**

**(Cás T-740/18)**

(2022/C 128/21)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Pilatus Bank agus Pilatus Holding v an Coimisiún**

**(Cás T-27/19)**

(2022/C 128/22)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – AMVAC Netherlands v an Coimisiún**

**(Cás T-317/19)**

(2022/C 128/23)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Polskie Górnictwo Naftowe i Gazownictwo v an Coimisiún (Gearán a dhiúltú)**

**(Cás T-399/19)**

(2022/C 128/24)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – Elevolution – Engenharia v an Coimisiún**

**(Cás T-652/19)**

(2022/C 128/25)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – Leonardo v Frontex**

**(Cás T-849/19)**

(2022/C 128/26)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – Van Walle v ECDC**

**(Cás T-33/20)**

(2022/C 128/27)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – Diego v EUIPO – Forbo Financial Services (WOOD STEP LAMINATE FLOORING)**

**(Cás T-498/20)**

(2022/C 128/28)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – LU v BEI**

**(Cás T-536/20)**

(2022/C 128/29)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – Calzaturificio Emmegiemme Shoes v EUIPO – Inticom (MAIMAI MADE IN ITALY)**

**(Cás T-589/20)**

(2022/C 128/30)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Canisius v EUIPO – Beiersdorf (CCLABELLE VIENNA)**

**(Cás T-694/20)**

(2022/C 128/31)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Maternus v EUIPO – adp Gauselmann (WILD)**

**(Cás T-116/21)**

(2022/C 128/32)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Novelis Deutschland v EUIPO – CU.CO. (Panna gríoscáin)**

**(Cás T-173/21)**

(2022/C 128/33)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Feabhra 2022 – Vita Zahnfabrik v EUIPO – VIPI Produtos Odontológicos (VITABLOCS TriLuxe forte)**

**(Cás T-202/21)**

(2022/C 128/34)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – Meta Cluster v EUIPO (Clustermedizin)**

**(Cás T-233/21)**

(2022/C 128/35)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 17 Nollaig 2021 – Legakis agus Daoine Eile v An Chomhairle**

**(Cás T-765/14)**

(2022/C 128/36)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Eanáir 2022 – Alauzun e.a. v an Coimisiún**

**(Cás T-418/21)**

(2022/C 128/37)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Eanáir 2022 – Dado Ceramica agus Eile v EUIPO – Italcer (Tíleanna)**

**(Cás T-40/22)**

(2022/C 128/38)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Dado Ceramica Srl (San Giovanni in Persiceto, an Iodáil), Antica Ceramica Rubiera Srl (Rubiera, an Iodáil) agus Star-Gres sp. z o.o. (Końskie, an Pholainn) (ionadaí: A. Merlini agus F. Carpi, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Italcer SpA (Rubiera, an Iodáil)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an dearaidh atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Dearadh atá faoi cheist:* Dearadh Comhphobail (Tíleanna) – Dearadh Comhphobail Uimh. 6 581 245-0013

*Imeachtaí os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealaithe

*An cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón tríú Bord Achomhairc de EUIPO, an 10 Samhain 2021 i gCás R 1965/2020-3

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus seasamh leis an iarratas ar dhearbhú neamhbhailíochta;

— nó mar mhalairt air sin, tar éis an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, an cás a tharchur ar ais chuig an mBord Achomhairc de EUIPO, le treoracha iomchuí i leith éisteacht a sheoladh agus doiciméid nua atá rí-ábhartha a ghlacadh;

— a ordú do EUIPO agus don pháirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc na costais a íoc agus na costais arna dtabhú ag na hiarratasóirí a aisíoc.

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 26 Eanáir 2022 – DDR Kultur v EUIPO – Groupe Canal+ (THE PLANET)**

**(Cás T-47/22)**

(2022/C 128/39)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* DDR Kultur UG (haftungsbeschränkt) (Beirlín, an Ghearmáin) (ionadaí: I. Yeboah, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Groupe Canal+ (Issy-les-Moulineaux, An Fhrainc)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh THE PLANET – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 096 394

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 25 Samhain 2021 i gCás R 2385/2020-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (EU) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 27 Eanáir 2022 – Poblacht na Seice v an Coimisiún**

**(Cás T-48/22)**

(2022/C 128/40)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Poblacht na Seice (ionadaithe: M. Smolek, J. Vláčil, J. Očková agus O. Serdula, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

## An t-ordú atá á lorg

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid a eisiatar leis caiteachas na suime EUR 43 470 836,30 arna tabhú ag Poblacht na Seice as an áireamh;

— a ordú don Bhanc Eorpach Infheistíochta na costais a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Leis an gcaingean seo, éilíonn an t-iarratasóir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2001 an 17 Samhain 2021 ón gCoimisiúin lena n-eisiatar ó mhaoiniú an Aontais caiteachas áirithe arna thabhú ag na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2021) 8168 final) a mhéid a eisiatar leis caiteachas arna thabhú ag Poblacht na Seice arb ionann an tsuim iomlán agus EUR 43 470 836,30.

Chun tacú leis an gcaingean, tagraíonn an t-iarratasóir ar shaincheisteanna dlí arna roinnt i sé cheannteideal.

**Ar an gcéad dul síos,** is gá an ceartú airgeadais arna dhéanamh i dtaca leis an gcinneadh maidir le cur i bhfeidhm stádas an **"fheirmeora ghníomhaigh"** a chur ar neamhní. Áitíonn an t-iarratasóir gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 1306/2013, ([1]) ó tharla gur forchuireadh an ceartú in ainneoin nár sháraigh Poblacht na Seice dlí an Aontais agus í i mbun seiceálacha ar stádas an fheirmeora ghníomhaigh ós rud é nach gcuirtear cosc, le dlí an Aontais, ar chur i bhfeidhm chritéar na n-admhálacha ó gníomhaíocht talmhaíochta a roinnt i ndáil leis na dá choinníoll a leagtar síos sa tríú fomhír d'Airteagal 9(2) de Rialachán Uimh. 1307/2013. Thairis sin, ní cheanglaítear le dlí an Aontais go gcuirfí cuideachtaí "gaolmhara" san áireamh sna seiceálacha ar stádas an feirmeora ghníomhaigh. Ar aon chaoi, sháraigh an Coimisiún Airteagal 52(2) de Rialachán Uimh. 1306/2013 agus prionsabal na comhréireachta le suim de cheartú airgeadais a fhorchur nach bhféachann do thromchúis na neamhréireachta a líomhnaíodh.

**Ar an dara dul síos,** is gá an ceartú airgeadais arna fhorchur i dtaca leis an gcinneadh maidir le stádas **"féaraigh bhuain"** a chur ar neamhní. Áitíonn an t-iarratasóir gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 52(1) de Rialachán 1306/2013, prionsabal an dea-riaracháin, prionsabal an ionchais dhlisteanaigh agus an oibleagáid i leith cúiseanna a lua de réir bhrí Airteagal 296 CFAE nuair a forchuireadh an ceartú, cé gur ghlac sé roimhe sin go raibh córas thaifid an fhéaraigh bhuain i bPoblacht na Seice i gcomhréir le dlí an Aontais. Thairis sin, mhainnigh an Coimisiún cúiseanna na céime deireanaí sin a lua.

**Ar an tríú dul síos,** is gá an ceartú airgeadais arna fhorchur i dtaca leis an gcinneadh maidir leis na **híosrátaí rialaithe** a chur ar neamhní. Áitíonn an t-iarratasóir gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 1306/2013 leis an gceartú a fhorchur, cé gur chomhlíon Poblacht na Seice an íosráta rialaithe a cheanglaítear le dlí an Aontais. Thairis sin, mhainnigh an Coimisiún ceann de na heasnaimh líomhnaithe a aithint sa chéad fhógra maidir leis an iniúchadh, agus gur sháraigh sé Airteagal 34(2) de Rialachán Uimh. 9087/2014 ([2]) dá bharr. Ar aon chaoi, sháraigh an Coimisiún Airteagal 52 (2) de Rialacháin 1306/2013 agus prionsabal na comhréireachta ós rud é gur fhorchuir sé suim de cheartú airgeadais nach bhféachann do thromchúis na neamhréireachta a líomhnaíodh.

**Ar an gceathrú dul síos,** is gá an ceartú airgeadais arna fhorchur i dtaca leis an gcinneadh maidir le **híocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil** a chur ar neamhní. Áitíonn an t-iarratasóir gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 1306/2013 leis an gceartú a fhorchur, in ainneoin nach gceanglaítear faireachán córasach a dhéanamh ar neamhbhailíocht réimsí le forálacha ábhartha dlí an Aontais le blianta beaga anuas. Ar aon chaoi, sháraigh an Coimisiún Airteagal 52(2) de Rialachán 1306/2013 agus prionsabal na comhréireachta ós rud é gur fhorchuir sé suim de cheartú airgeadais nach bhféachann do thromchúis na neamhréireachta a líomhnaíodh.

**Ar an gcúigiú dul síos,** is gá an ceartú airgeadais arna fhorchur i dtaca leis an gcinneadh maidir le **tíolacadh déanach an iarratais** a chur ar neamhní. Áitíonn an t-iarratasóir gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 1306/2013 leis an gceartú a fhorchur, cé nach ionann tíolacadh déanach den iarratas faoi Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 640/2014 agus an fhéidearthacht an síniú a chur leis an iarratas laistigh de chúig lá. ([3])

**Ar an séú dul síos,** is gá an ceartú airgeadais arna fhorchur i dtaca leis cinntí ón iniúchadh faoin gceannteideal buiséadach maidir le **"smacht buiséadach"** a chur ar neamhní. Áitíonn an Coimisiún gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 52(2) de Rialachán Uimh. 1306/2013 agus prionsabal na comhréireachta toisc gur ríomh sé an ceartú go mícheart, ag féachaint do thionchar shaincheisteanna eile an iarratais seo ach go háirithe.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 549).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, rialacha maidir le seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 255, 28.8.2014, lch. 59)

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe agus leis na cúinsí faoina ndiúltófar nó faoina n-aistarraingeofar íocaíochtaí agus pionóis riaracháin is infheidhme maidir le híocaíochtaí díreacha, le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe agus le tras-chomhlíonadh (IO L 181, 20.6.2014, lch. 48).

---

**Caingean arna tabhairt an 21 Eanáir 2022 – AL v An Chomhairle agus an Coimisiún**

**(Cás T-50/22)**

(2022/C 128/41)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* AL (ionadaí: R. Rata, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh, An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh an 22 Deireadh Fómhair 2021 atá faoi chonspóid a chur ar neamhní i leith na gcodanna nach seasann le réamhghearáin an iarratasóra i gcoinne chinntí PMO an 3 Márta 2021 agus 22 Márta 2021 agus, a mhéid is infheidhme, a ordú go nuashonrófaí an cinneadh leantach lena mbunófar an méid cruinn atá le haisghabháil dá réir.

— A ordú don chosantóir a chuid costais féin agus na costais arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc. ([1])

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir 5 shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagail 4, 5, 9 agus 10 de Chinneadh ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena nglactar forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le duine a bpléitear leis mar leanbh cleithiúnach, sa mhéid gur ríomhadh ioncam glan an iarratasóra i dtaca le bronntanais/íocaíochtaí eile dá sheirbhís mhíleata a rinne sé cheana agus an ranníocaíocht cothabhála dá mháthair déanta ag duine eile, ónar eascair asbhaintí éagóracha faoi Airteagal 5 de na forálacha ginearálta cur chun feidhme sin maidir le ríomh an chostais cothabhála dá mháthair.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 85 de na Rialacháin Foirne agus earráid fhollasach measúnachta i ndáil leis an liúntas do mháthair an iarratasóra, a bpléitear léi mar leanbh cleithiúnach, in éagmais intinn an iarratasóra an riarachán a chur amú d'aon ghnó maidir leis na suimeanna a fuarthas don tseirbhís mhíleata a rinne sé cheana.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh agus prionsabal an dea-riaracháin maidir leis an liúntas do mháthair an iarratasóra, a bpléitear léi mar leanbh cleithiúnach, sa mhéid go raibh an riarachán eolach faoi na suimeanna a fuair an t-iarratasóir don tseirbhís mhíleata a rinne sé cheana.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 85 de na Rialacháin Foirne agus earráid fhollasach measúnachta i ndáil leis an liúntas linbh do A agus B don tréimhse idir an 1 Feabhra 2013 agus an 30 Meitheamh 2013, in éagmais fianaise éigin go raibh an t-iarratasóir eolach faoi chríoch na tréimhse cúraim altrama agus dá bhrí sin, in éagmais intinn an iarratasóra an riarachán a chur amú d'aon ghnó maidir le críoch na tréimhse cúraim altrama.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 85 de na Rialacháin Foirne agus earráid fhollasach measúnachta i ndáil leis an liúntas linbh do C, (i) ag féachaint don fhíoras go bhfuil sé cruthaithe chun sástacht an riaracháin go bhfuil C "á chothabháil i ndáiríre" ag an iarratasóir agus (ii) in éagmais fianaise éigin d'intinn arna líomhain an iarratasóra an riarachán a chur amú d'aon ghnó.

(1) Tagraíonn an t-iarratas san ordú atá á lorg do "an cosantóir" (san uimhir uatha).

---

## Caingean arna tabhairt an 28 Eanáir 2022 – Chambre de commerce et d'industrie territoriale de la Marne en Champagne v EUIPO – Ambrosetti Group (TEHA)

**(Cás T-52/22)**

(2022/C 128/42)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Fhraincis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Chambre de commerce et d'industrie territoriale de la Marne en Champagne (Châlons-en-Champagne, An Fhrainc) (ionadaí: T. de Haan, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Ambrosetti Group Ltd (Londain, an Ríocht Aontaithe)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* An páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh TEHA – Iarratas ar chlárú Uimh. 17 091 091

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 23 Samhain 2021 i gCás R 837/2021 – 4

### An t-ordú atá á lorg

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear na costais arna dtabhú ag réamhtheachtaí an iarratasóra sa dlí chun críocha na n-imeachtaí os comhair an Cheathrú Bord Achomhairc de EUIPO.

### Saincheist dlí

Sárú ar Airteagal 18(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 28 Eanáir 2022 – Chambre de commerce et d'industrie territoriale de la Marne en Champagne v EUIPO – Ambrosetti Group (TEHA)

**(Cás T-60/22)**

(2022/C 128/43)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Fhraincis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Chambre de commerce et d'industrie territoriale de la Marne en Champagne (Châlons-en-Champagne, An Fhrainc) (ionadaí: T. de Haan, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Ambrosetti Group Ltd (Londain, an Ríocht Aontaithe)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach ar mharc fíortha TEHA – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach Uimh. 1 404 100

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 23 Samhain 2021 i gCás R 839/2021-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear na costais arna dtabhú ag réamhtheachtaí an iarratasóra i dteideal chun críocha na n-imeachtaí os comhair an Cheathrú Bord Achomhairc de EUIPO.

**Saincheist dlí arna maíomh**

Sárú ar Airteagal 18(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 2 Feabhra 2022 – PS v BEI**

**(Cás T-65/22)**

(2022/C 128/44)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* PS (ionadaí: S. Orlandi, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Banc Eorpach Infheistíochta (BEI)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh an 12 Iúil 2021 lenar diúltaíodh d’iarratas an iarratasóra arna dhéanamh an 21 Bealtaine 2021 a chur ar neamhní;

— a ordú don Bhanc Eorpach Infheistíochta cúiteamh a íoc don iarratasóir i gcomhair easláine bhuan, ar an uasráta dá dtagraítear in Airteagal 11 den pholasaí árachais AXA, chomh maith leis an liúntas dá dtagraítear in Airteagal 9.1.13 de na forálacha riaracháin agus an suim EUR 24 000 don damáiste neamhábhartha a rinneadh;

— a ordú don Bhanc Eorpach Infheistíochta na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean i gcoinne cinneadh BEI an 12 Iúil 2021 lenar diúltaíodh d’iarratas ar chúiteamh de chuid an iarratasóra arna dhéanamh an 21 Bealtaine 2021, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist.

1. An chéad saincheist, lena n-éilítear sárú ar an gceart bunúsach chun éifeachtacht na slándála sóisialta d’oibrithe de réir bhrí Airteagal 31(1) agus 34(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 12 de Chairt Shóisialta na hEorpa.

2. An dara saincheist lena n-éilítear sárú ar an gceart chun dea-riaracháin, ar an gceart go ndéileálfaí le cásanna laistigh de thréimhse réasúnta agus ar dhualgas BEI cúram a ghlacadh.

---

**Caingean arna tabhairt an 2 Feabhra 2022 – Granini France v EUIPO – Pichler (Joro)**

**(Cás T-68/22)**

(2022/C 128/45)

*An teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe sna himeachtaí**

*Iarratasóir:* Granini France (Mâcon, an Fhrainc) (ionadaí: J. Wachsmuth, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Josef Pichler (St. Leonhard in Passeier, an Iodáil)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir ar an trádmharc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhord Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú an fhocalmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh "Joro" – Uimhir chláraithe 18 136 261

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 8 Samhain 2021 i gCás R 2336/2020-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta,

— an cinneadh atá faoi chonspóid a leasú, ionas go ndéanfar an cinneadh ón Rannán Freasúra an 19 Samhain 2020 a chur ar neamhní a mhéid is a diúltaíodh don chur i gcoinne maidir leis na hearraí

  Licéar ginsinge; Licéar Seapánach arna bhlaistiú le húisc phluma Sheapánaigh; Licéar ginsinge deirge; Licéar d'eorna gan chrotal; Licéar íce arna bhlaistiú le húisc phluma Sheapánaigh [Umeshu]; Cumaisc mhanglaim alcólacha; Manglaim alcólacha ina bhfuil bainne; Manglaim alcólacha i bhfoirm geilitín fuaraithe; Deochanna alcólacha de mhanglam torthaí; Deochanna alcólacha torthaí; Deochanna alcólacha lena bhfuil bonn tae; Deochanna alcólacha measctha, seachas deochanna beoirbhunaithe; Deochanna alcólacha measctha roimh ré; Greadóga; Fíon milis Seapánach ina bhfuil úsc as ginsing agus as rúsc sinceaóna; Fíon de shútha craobh dubha [Bokbunjaju]; Deochanna alcólacha ina bhfuil ábhar torthaí; Oigheardheochanna fíona [Deochanna]; Úisc torthaí alcólacha

  agus an t-iarratas ar thrádmharc Uimh. 18 136 261 do na hearraí sin a dhiúltú freisin;

— de rogha air sin, an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA